

Ráiteas ó Choiste Teagmhála an AE (CC 1/2018) maidir le heasnaimh i gcuntasacht agus i socruithe iniúcháireachta an tsásra mhaoirseachta do bhainc i limistéar an euro

13 Samhain 2018

Is é atá i gCoiste Teagmhála an AE tionól ceannairí uasfhorais iniúcháireachta Bhallstáit an AE agus Chúirt Iniúcháirí na hEorpa. Tá ár gcuid tuairimí bunaithe ar thorthaí tuarascálacha iniúcháireachta déanta le déanaí (cf. liosta iniata) ag Cúirt Iniúcháirí na hEorpa (CIE), agus ag Uasfhorais Iniúcháireachta náisiúnta (UFIInna) na hOstaire, na Cipire, na Fionlainne, na Gearmáine agus na hÍsiltíre. Chomh maith leis sin, cuirtear san áireamh iontu athbhreithniú a d'eisigh an Coimisiún Eorpach i nDeireadh Fómhair 2017 maidir leis an sásra maoirseachta do bhainc i limistéar an euro.

Is intuigthe ón Sásra Maoirseachta Aonair (SMA) i Samhain 2014, go ndéanfaí athrú ó bhonn ar an ailtireacht i dtaca le maoirseacht baincéireachta AE. Bhí beagnach 130 banc 'suntasach' faoi mhaoirseacht dhíreach an Bhainc Ceannais Eorpaigh (BCE), ar luach iomlán sócmhainní EUR 21 trilliún, i.e. 80 % de luach iomlán sócmhainní na mbanc i limistéar an euro. Tá an chuid is mó de na mílte 'nach bhfuil chomh suntasach sin', i.e. bainc mheánmhéide agus bheaga, fós faoi mhaoirseacht dhíreach náisiúnta, cé go bhfuil siad faoi chúram BCE.

Dá réir sin, níl na UFIInna sin do thíortha i limistéar an euro a raibh sainordú acu maoirseacht a dhéanamh ar iniúcháireacht na mbanc go léir roimhe seo, anois – toisc an SMA a thabhairt isteach – in ann an ról seo a chomhlíonadh a thuilleadh le haghaidh na mbanc 'suntasach'. Ní dhéantar an sainordú iniúcháireachta reatha ó CIE vis-à-vis an BCE a chúiteamh leis an gcaillteanas sainordaithe a bhaineann leis na UFIInna náisiúnta seo. Tharla dá bharr sin an cás paradacsúil go bhfuil na hinniúlachtaí iniúcháireachta maidir le maoirseacht baincéireachta ar an iomlán níos teoranta anois ná roimh an SMA a thabhairt isteach.

I bhfianaise na n-iarrachtaí atá á ndéanamh faoi láthair ar leibhéal an AE chun an tAontas Baincéireachta a chur i gcrích agus chun muinín na saoránach as an aontas sin a chothú, ní mór bunphrionsabail na trédhearcachta agus na cuntasachta a ráthú. Éilíonn sé sin go mbeadh socruithe iniúcháireachta poiblí leordhóthanacha agus daingne ann.

Dá bhrí sin, iarrann an Coiste Teagmhála ar rialtais agus ar pharlaimintí náisiúnta, chomh maith le Parlaimint na hEorpa, Comhairle na hEorpa agus an Coimisiún Eorpach na socruithe ábhartha cuntasachta agus iniúcháireachta a neartú, chun na bearnaí iniúcháireachta a sainaithníodh, go háirithe a dhúnadh:

- **sainordú an CIE a ailíniú** maidir le hiniúcháireacht ar shásra maoirseachta BCE lena ngabhann a shainordú iniúcháireachta maidir le forais eile an Aontais d'fhonn rochtain iomlán ar an bhfaisnéis uile a mheasann an CIE atá ábhartha le haghaidh a oibre iniúcháireachta a áirithiú;
- **ag áirithiú go bhféadfaidh na UFIInna náisiúnta i limistéar an euro, ag a bhfuil sainordú** maidir le maoirseacht ar bhainc nach bhfuil chomh suntasach, rochtain a fháil ar an bhfaisnéis uile (lena n-áirítear faisnéis BCE) a mheasann siad a bheith ábhartha, agus, ar an gcaoi sin, a sainorduithe iniúcháireachta a chomhlíonadh;
- **nuair is gá agus nuair atá sé indéanta, sainorduithe iniúcháireachta na UFIInna náisiúnta i limistéar an euro nach bhfuil aon sainordú acu nó a bhfuil sainordú teoranta** acu a leathnú maidir leis an maoirseacht ar bhainc nach bhfuil chomh suntasach sin, chun a áirithiú go gcuimsíonn a sainordú freisin iniúcháireacht ar údaráis mhaoirseachta náisiúnta.

Iniata: Liosta de thuarascálacha iniúcháireachta a bhaineann le maoirseacht baincéireachta san AE

Liosta de thuarascálacha iniúchóireachta maidir le maoirseacht baincéireachta san AE

An Coiste Teagmhála

- [Tuarascáil](#) an Choiste Teagmhála maidir le maoirseacht stuamachta ar fhorais mheánmhéide agus beaga (“nach bhfuil chomh suntasach sin”) san Aontas Eorpach tar éis an Sásra Maoirseachta Aonair a thabhairt isteach (Nollaig 2017)

Cúirt Iniúchóirí na hEorpa

- [Tuarascáil](#) speisialta Uimh. 29/2016: An Sásra Maoirseachta Aonair — Tús maith ach tuilleadh feabhais ag teastáil (Samhain 2016)
- [Tuarascáil](#) speisialta Uimh. 02/2018: Éifeachtúlacht oibríochtúil bhainistiú géarchéime BCE do bhainc (Eanáir 2018)

Uasfhoras Iniúchóireachta na hOstaire

- [Tuarascáil](#) Chónaidhme 2017/20: Maoirseacht baincéireachta san Ostair (Aibreán 2017)

Uasfhoras Iniúchóireachta na Cipire

- Tuarascáil Speisialta Uimh. CBC/01/2017 “Maoirseacht ar bhaincéireacht — An Creat Rialála agus Eagrú Maoirseachta ar Bhainc nach bhfuil Suntasach sa Chipir”, mar aon le litir a bheidh ag gabháil léi, dar dáta 21.11.2017, a cuireadh chuig Rialtóir Bhanc Ceannais na Cipire agus a cuireadh in iúl don Aire Airgeadais¹

Uasfhoras Iniúchóireachta na Gearmáine

- [Tuarascáil](#) chomhairleach Uimh. III 5 – 20 51 03 maidir le teorainn a chur le sainordú iniúchóireachta ó UFI na Gearmáine i réimse na maoirseachta baincéireachta agus institiúidí airgeadais (Eanáir 2016)
- [Tuarascáil](#) chomhairleach Uimh. III 5 – 2016 – 0633 maidir le teorainn a chur le sainordú iniúchóireachta ó UFI na Gearmáine i réimse na maoirseachta baincéireachta agus institiúidí airgeadais (Eanáir 2017)

Uasfhoras Iniúchóireachta na hÍsiltíre

- [Tuarascáil](#): *Maoirseacht banc san Ísiltír*, an 27 Meán Fómhair 2017
- [Litir](#) chuig parlaimint na hÍsiltíre a bhí ag gabháil leis an tuarascáil ón gCoiste Teagmhála maidir le maoirseacht stuamachta ar institiúidí meánmhéide agus beaga (“nach bhfuil chomh suntasach sin”) san Aontas Eorpach tar éis an Sásra Maoirseachta Aonair a thabhairt isteach (Nollaig 2017), an 14 Nollaig 2017, preaseisiúint i mBéarla

¹ Níl ar fáil go poiblí